# Dairteanna Dainséartha!

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - graif<br>Uimhreas – oibríochtaí, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschurclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | lomscóir, liostáil na scór, sonraí, eatraimh de 10, tábla minicíochta, barraghraf, líne bharraghraif, píchairt |
| **Áiseanna** | Clár Dairteanna Mol Mata, clár dairteanna sábhailte le haghaidh an tseomra ranga, grafpháipéar, rialóir |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, imreoidh daltaí cluiche dairteanna le comhscoláire agus déanfaidh siad a scóir féin a thaifeadadh. Agus sonraí féinghinte in úsáid acu, léireoidh siad a scóir i bhfoirm tábla agus i bhfoirm ghrafach.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina bpéirí, imríonn na daltaí cluiche dairteanna agus Clár Dairteanna Mol Mata in úsáid acu. Socraíonn siad ar líon na gcaitheamh a dhéanfaidh gach imreoir. Déanann gach imreoir taifead ar a scór féin do gach dairt caite. Nuair a bheidh an cluiche críochnaithe ag gach imreoir agus a scóir taifeadta acu, bogfaidh siad ar aghaidh chuig Gníomhaíocht 2.

### 2 Gníomhaíocht 2

Agus an líosta scór taifeadta ón chluiche dairteanna in úsáid acu, pléann agus fiosraíonn na daltaí an dóigh ar féidir na scóir sin a léiriú i dtábla cuí. Ansin, cruthaíonn siad a gcuid táblaí agus cuireann siad iad i láthair don chuid eile den rang.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus an fhoirm tábla líonta ó Ghníomhaíocht 2 in úsáid acu, léiríonn gach dalta na sonraí seo i ngraf cuí. Ansin, thig leo a ngraf a chur i gcomparáid le graif na ndaltaí eile, pléann siad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach cineál graif.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é 20 x 3?<br>• Cá mhéad uair a scóráil tú x, y nó z?<br>• Cé chomh minic is a tháinig an scór x, y nó z aníos?<br>• An bhfuil 25 idir 20 agus 29?<br>• Cad iad na scóir a théann san eatramh 30-39?<br>• Cad é an meánscór a scóráil Imreoir 1 in éadan Imreoir 2? | • Cén teideal a bheadh fóirsteanach don tábla, graf, cairt nó léaráid seo?<br>• Cad iad na lipéid éagsúla a bheadh ciallmhar don x agus y áis?<br>• Cad iad na cairteacha, léaráidí, táblaí agus graif éagsúla a thiocfadh linn a úsáid?<br>• Tabhair ráiteas a dhéanann cur síos ar phatrúin/thorthaí an imreora.<br>• An dtig leat smaoineamh ar cheisteanna le cur ar do chara faoin ghraf/chairt s'acu? |

## Difreáil

Socraigh leibhéal ionchuir ón mhúinteoir maidir le cineál tábla, stíl chairte agus eatraimh scórála molta le linn na gníomhaíochta. Lig dóibh áireamhán a úsáid le scóir a ríomh le linn an chluiche. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Cuir táblaí folmha agus táblaí/cairteacha gan lipéad ar fáil nuair is cuí.